Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2021
(OR. en)

9318/21
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0249(COD)**

CODEC 798
JAI 655
FRONT 207
VISA 110
SIRIS 51
CADREFIN 269
COMIX 291

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle<br>= Ráitis |

**Ráiteas ón nGréig**

Cuireann an Ghréig a hábhair imní in iúl maidir le ríomhanna iarbhír na leithdháiltí náisiúnta a rinne an Coimisiún Eorpach. Leis an ríomh a dhéantar don tréimhse ó 2021 go 2027 is cosúil nach leordhóthanach in aon slí na cistí chun na riachtanais iarbhír a chumhdach. Dá bhrí sin, tá gar-bhaol ann go ndéanfar na cláir maidir le glacadh, lánpháirtíocht agus cosaint, atá dírithe ar éilitheoirí tearmainn agus ar thairbhithe cosanta idirnáisiúnta, a ghearradh siar nó *a scoitheadh fiú*, rud atá go hiomlán neamh-inmhianaithe. Tá an Ghréig ag tnúth le bheith ag obair go cuiditheach leis an gCoimisiún Eorpach chun an riosca sin a mhaolú agus chun nach gcuirfear cláir i mbaol de dheasca easpa cistí riachtanacha.

## Ráiteas ó Mhálta

Is díol sásaimh dúinn na hiarrachtaí chun teacht ar chomhaontú sealadach le Parlaimint na hEorpa maidir leis an Rialachán lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht; an Rialachán lena mbunaítear an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Rialachán lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí, mar a leagtar amach in 6486/21, 6487/21 agus 6488/21 faoi seach iad. I bhfianaise an ghá atá ann na cistí faoi seach don tréimhse ó 2021 go 2027 a bhunú a luaithe is féidir, féadfaidh Málta glacadh leis na comhaontuithe sealadacha ar thángthas orthu.

Meabhraítear do Mhálta, áfach, na hábhair imní a tarraingíodh anuas maidir leis an gcoinníollacht 10 % a áiríodh go cothrománach san athbhreithniú meántéarma ar na trí chiste. Tá Málta fós den tuairim go ngabhann deacrachtaí leis an gcoinníollacht sin ó thaobh cur chun feidhme de agus go bhféadfaí dá thoradh sin cistí a chailleadh nach gá.

## Ráiteas ón tSlóivéin

Tacaíonn Poblacht na Slóivéine le glacadh an chreata airgeadais ilbhliantúil a luaithe is féidir agus is mór aici iarrachtaí agus éifeachtúlacht na n-uachtaránachtaí a bhí ann roimhe seo agus iad ag déileáil leis na trí shainchomhad (cistí) an-deacair sin.

Is díol sásaimh do Phoblacht na Slóivéine gur cuireadh roinnt de na heilimintí atá beartaithe isteach sa togra comhréitigh atá ann cheana; mar sin féin, ní thugtar aghaidh ann mar is ceart ar an staid ar theorainneacha seachtracha Schengen nach teorainneacha seachtracha den Aontas iad, rud a tharraingíomar anuas arís is arís le linn na caibidlíochta.

Nochtaigh an chaibidlíocht na deacrachtaí agus na hiarmhairtí gan iarraidh go léir a d'fhéadfadh a bheith ann do Phoblacht na Slóivéine toisc nár sainíodh riamh stádas sonrach na teorann sin go soiléir ná go leordhóthanach in ionstraimí dlíthiúla éagsúla.

Le blianta beaga anuas, tá cuid mhór oibleagáidí breise forchurtha ag reachtaíocht an Aontais atá le cur chun feidhme ag na teorainneacha seachtracha, ar teorainneacha seachtracha Schengen iad a bhformhór. Cuireadh tús leis nuair a tugadh isteach seiceálacha córasacha éigeantacha ar gach taistealaí agus doiciméad taistil agus tá sé bogtha anois go dtí an córas dul isteach/imeachta, EUROSUR, chomh maith leis an gCiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha agus an rialachán maidir le 'scagadh'.

Is eol do Phoblacht na Slóivéine a hoibleagáidí agus tá sé ar intinn aici iad a chomhlíonadh go hiomlán. Mar sin féin, níl sé réasúnta a bheith ag súil go n-íocfaidh Poblacht na Slóivéine costais uile na n-uasghráduithe bonneagair go hiomlán ón mbuiséad náisiúnta.

Measaimid go bhfuil sé do-ghlactha go rabhamarna fad an ama seo faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid leis na tíortha ag teorainn 'buan' Schengen, agus is mian linn, dá bhrí sin, teacht ar réiteach iomchuí.

Tá an fhadhb chéanna os ár gcomhair sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil reatha (2014-2020), ina bhfuil na teorainneacha céanna agus a ngabhann fadhbanna móra leo sa chleachtas.

Leis an dearbhú seo, dá bhrí sin, is mian linn go háirithe a chur chun suntais a thábhachtaí atá sé aird chuí a thabhairt ar an staid shonrach ag teorainneacha seachtracha Schengen nach teorainneacha seachtracha de chuid an Aontais iad.

Ní thugtar aghaidh go leordhóthanach in Airteagal 5/4a ar shainiúlacht na dteorainneacha inmheánacha sin nach bhfuil deireadh curtha leis na rialuithe orthu go fóill. Is beag úsáid í aithris 24, agus an fhoclaíocht atá inti faoi láthair, toisc nach dtugtar inti údar cirt inti fós le hinfheistíocht i dtógáil bonneagair nua/breise ar an teorainn le Poblacht na Cróite.

Sa chleachtas, ciallaíonn sé sin do Phoblacht na Slóivéine nach féidir linn maoiniú a thabhairt, mar shampla, do mhéadú na bpointí trasnaithe teorann ná do thógáil an bhonneagair nua ó chistí an Aontais, ní féidir linn ach an bonneagar atá ann cheana a uasghrádú (a athsholáthar nó a chothabháil).

Creideann Poblacht na Slóivéine go bhféadfaí na fadhbanna agus na hiarmhairtí neamh-inmhianaithe a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar an staid shonrach ar theorainneacha seachtracha Schengen nach teorainneacha seachtracha den Aontas iad a sheachaint dá n-áireofaí foirgnimh, córais agus gníomhaíochtaí in aithris 24 chomh maith leis an mbonneagar.